# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Sa scéim mharcála seo baintear úsáid as marcáil tuairisceora chun marcanna a leithdháileadh i gcás codanna áirithe de roinnt ceisteanna i ndail le pointe/pointí a fhorbairt. Sna táblaí thíos tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora as ar baineadh úsáid. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist.
  Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 2 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolas<br>• Forbairt theoranta | • Gan eolas<br>• An ráiteas tugtha arís |

Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 3 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolas<br>• Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Gan eolas<br>• An ráiteas tugtha arís |


Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 4 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| **4** | **3** | **2** | **1** | **0** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolas Forbairt theoranta | • Eolas doiléir | • Eolas mearbhlach nó frithráiteach | • Gan eolas<br>• An ráiteas tugtha arís |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✓$_1$ | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓$_2$ | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓$_3$ | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓$_4$ | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓$_5$ | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓$_6$ | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓$_7$ | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓$_8$ | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓$_9$ | Faisnéis bhailí | 9 |
| ✓$_1$ | Faisnéis bhailí | 10 |
| ✓$_1$ | Faisnéis bhailí | 11 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

# Roinn A


| Q | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| **1.** | Taispeántar sa léaráid thíos an fás atá tuartha do gheilleagar na hÉireann ó 2020 go 2023.<br><br><br>**(i)** Agus an t-eolas thuas in úsáid agat, comhlánaigh an tábla thíos.<br>Luaigh an bhliain ina raibh an ráta fáis ab airde ar an ngeilleagar: **2022**<br>Luaigh an bhliain ina raibh an ráta fáis ab ísle ar an ngeilleagar: **2020**<br>**(ii)** Mínigh an téarma fás geilleagrach.<br>Ciallaíonn sé an t-ardú ar OTN / aschur (luach na n-earraí agus seirbhísí) ioncam náisiúnta in aghaidh an duine laistigh de thír thar thréimhse / acmhainn táirgthe méadaithe de gheilleagar. | **6+3**<br><br>**6** |
| **2.** | I mí Aibreáin 2022 rinne an POS daonáireamh, i.e. comhaireamh oifigiúil ar dhaonra na hÉireann.<br>**(i)** Céard dó a seasann na ceannlitreacha POS?<br>**Príomhoifig Staidrimh**<br>**(ii)** Mínigh úsáid **amháin** a bhainfeadh Rialtas na hÉireann as an eolas a bailíodh.<br>• **Cuidíonn sé leis an rialtas chun pleanáil le haghaidh riachtanas bonneagair sa todhchaí** ar nós scoileanna, tithíochta, iompair srl<br>• **Soláthair seirbhísí riachtanacha** maidir le soláthair na seirbhísí riachtanacha sláinte / oideachais srl.<br>• **Pleanáil i gcomhair sholáthair shochair an stáit** ar nós pinsean, sochair linbh srl.<br>• **Athruithe déimeagrafacha:** soláthraíonn sé eolas maidir le hathruithe ar ár ndaonra ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.<br>• **Soláthraíonn sé sonraí maidir le cáilíochtaí oideachasúla** agus leibhéil oiliúna atá faighte ag an bhfórsa saothair, agus is féidir leis sin cuidiú leis an rialtas pleanáil a dhéanamh do riachtanais oideachais / riachtanais an fhórsa saothair sa todhchaí. | **9**<br><br>**6** |

| | | |
|---|---|---|
| **3.** | Le linn 2020 agus 2021 rinne níos mó tomhaltóirí in Éirinn a gcuid siopadóireachta ar líne.<br><br>**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis an bhforbairt seo.<br><br>• **Tréimhsí dianghlasála mar gheall ar COVID-19:** bhí siad ina gcúis le dúnadh sealadach na n-ionad díola agus mar sin ní raibh rogha eile ag tomhaltóirí.<br>• **Bhí an siopadóireacht ar líne níos inrochtana**: chuaigh níos mó gnólachtaí ar líne chun díolacháin a mhéadú / leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.<br>• **Buarthaí faoin sláinte agus faoin sábháilteacht**: d'athraigh roinnt tomhaltóirí, a bhí buartha ó thaobh na sláinte de, chuig an siopadóireacht ar líne chun an riosca a ísliú.<br>• **Praghsanna níos iomaíche**: d'fhéadfadh miondíoltóirí eachtracha praghsanna níos iomaíche a thairiscint mar gheall ar bharainneachtaí scála.<br>• **Áis**: bíonn tomhaltóirí ag iarraidh níos mó roghanna; praghsanna níos iomaíche agus a bheith in ann earraí a thabhairt ar ais gan costas breise.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhíbhuntáiste amháin do mhiondíoltóirí áitiúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhforbairt sin.<br><br>• **Díolacháin / brabúis laghdaithe**: má dhéanann tomhaltóirí siopadóireacht ar líne, caillfidh miondíoltóirí áitiúla a ndíolacháin / ioncam mar gheall ar easpa custaiméirí / laghdú ar cheannacháin thallannacha.<br>• **Laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíocht intíre**: mar gheall ar an laghdú féideartha ar líon na ndaoine atá ag déanamh siopadóireachta sa cheantar.<br>• **Poist caillte**: is féidir go laghdóidh miondíoltóirí líon na bhfostaithe atá acu mar gheall ar dhíolacháin laghdaithe sa siopa. | **1ú x 9**<br>**(6+3)**<br><br>**2ú x 6**<br>**(3+3)** |
| **4** | Sheol Apple an iPhone 13 i mí Mheán Fómhair 2021.<br>Sa tábla thíos, cuir tic (✓ ) sa tábla chun a shainaithint cé acu de na hearraí ar earraí **ionaid** iad agus cé acu ar earraí **comhlántacha** iad maidir leis an iPhone 13. | **1ú x 9**<br>**3 x 2** |

| | **Earraí Ionaid** | **Earraí Comhlántacha** |
|---|---|---|
| **Samsung S21** | ✓ | |
| **Cás an iPhone 13** | | ✓ |
| **Plocóid luchtaithe don iPhone** | | ✓ |
| **Fón cliste Google Pixel 4A** | ✓ | |

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | **Freagair (a) nó (b)**<br><br>Mhéadaigh an rialtas an t-íosphá 30c i gCáinaisnéis 2022. | **1ú x 9 (6+3)**<br><br>**2ú x 6 (3+3)** |
| **(a)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann **geilleagar na hÉireann** as an íosphá a mhéadú.<br><br>• **Méadú ar ioncam cánach**: don rialtas mar gheall ar níos mó ÍMAT bailithe mar a mhéadaíonn ioncam / CBL níos airde íoctha mar gheall ar níos mó caiteachais.<br>• **Laghdú ar íocaíochtaí leas sóisialta**: má thiteann an dífhostaíocht íocfaidh an rialtas níos lú airgid i bhfoirm leas sóisialta.<br>• **Athdháileadh saibhris méadaithe**: mar a thagann méadú ar phá na ndaoine a thuilleann níos lú.<br>• **Laghdú ar an mbochtanas**: má théann daoine ar ais san fhórsa saothair tiocfaidh laghdú láithreach ar an mbochtanas sa tír.<br>• **Cosaint fheabhsaithe d'oibrithe a fhaigheann níos lú pá**: cosnóidh an dlí na hoibrithe is leochailí agus déanfar níos lú leithcheala orthu.<br>• **Is féidir go mbeidh oibrithe níos táirgiúla**: féadfaidh pá níos fearr táirgiúlacht an oibrí a fheabhsú agus síorathrú fostaithe a laghdú.<br>• **Ganntanais sa lucht oibre a mhaolú**: is féidir go gcuideofar leis na hearnálacha atá ag fulaingt mar gheall ar na ganntanais seo chun oibrithe a fhostú.<br><br>**NÓ** | |
| **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste d'**fhostaithe** a bhaineann leis an méadú seo ar an íosphá.<br><br>• **Caighdeán maireachtála níos fearr**: le méadú ar phá is féidir le hoibrithe níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach.<br>• **Féidearthachtaí níos fearr sa todhchaí:** féadfaidh an pá níos airde oibrithe a chur ar a gcumais a gcaiteachas don todhchaí a phleanáil / tuilleadh airgid a shábháil don todhchaí.<br>• **Spreagadh chun a bheith ag obair**: le pá níos airde ar fáil féadfaidh roinnt oibrithe dul ar ais san fhórsa saothair toisc go mbeidh an cúiteamh níos fearr. | |

**6.** Sa ghraf thíos taispeántar líon na ndaoine dífhostaithe in aghaidh na míosa (coigeartaithe de réir an tséasúir) ó Shamhain 2020 go Samhain 2021. Agus na sonraí á n-úsáid agat freagair na ceisteanna thíos.




**(i)** Sainaithin an dá mhí nuair ab airde a bhí líon na ndaoine dífhostaithe. **6+3**

| | |
|---|---|
| Mí 1: | **Márta** (2021) |
| Mí 2: | **Aibreán** (2021) |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** leis an méadú ar an dífhostaíocht idir mí na Nollag 2020 agus mí Aibreáin 2021. **6**

**Mar gheall ar an dianghlasáil náisiúnta a bhí curtha i bhfeidhm** ag an rialtas chun an daonra a chosaint ó scaipeadh an víreas COVID-19, **bhí ar roinnt gnólachtaí fostaithe a scaoileadh chun siúil** go sealadach toisc nach raibh siad in ann a ngnólachtaí a choinneáil ar oscailt m.sh. gruagairí, tithe tábhairne srl.

| | | |
|---|---|---|
| **7.** | **Freagair (a) nó (b)** | |
| **(a)** | **(i)** Mínigh an téarma costais sheasta.<br><br>Costais **nach athraíonn mar a athraíonn an t-aschur / costais ar ghá iad a íoc fiú mura dtáirgtear aon rud.** | **5** |
| | **(ii)** Cuir in iúl le tic ( ✓) cé acu de na costais sa tábla thíos ar costais sheasta iad agus cé acu de na costais ar costais athraitheacha iad. | **4+4+1+1** |

| | Costas Seasta | Costas Athraitheach |
|---|---|---|
| Pá €1,000 | | ✓ |
| Amhábhair €1,500 | | ✓ |
| Solas & teas €300 | | ✓ |
| Cíos ar an áitreabh €750 | ✓ | |

**(b)** **NÓ**

Tógann bácús €5,000 san iomlán isteach óna chuid díolachán le linn seachtaine. Taispeántar sa tábla thuas na costais táirgeachta ar an mbácús an tseachtain sin. Agus úsáid á baint agat as an eolas a thugtar, ríomh gach ceann díobh seo a leanas:

**(i)** Costas iomlán oibriúcháin an bhácúis an tseachtain sin.
**(ii)** An brabús glan a thuill an bácús an tseachtain sin.
Taispeáin an obair a dhéanann tú.

**(i)** Costas iomlán oibriúcháin an bhácúis an tseachtain sin. — **10 (5 x 2)** ***-1 má fhágtar € ar lár***

€1,000 + €1,500 + €300 + €750 = €3,550

**(ii)** An brabús glan a thuill an bácús an tseachtain sin. — **5 (2+2+1)** ***-1 má fhágtar € ar lár***

Ioncam iomlán – Costais Iomlána = Brabús Glan

€5,000 - €3,550 = €1,450

**8.**

Tá dáileog amháin ar a laghad de vacsaín COVID-19 faighte ag 51.6% de dhaonra an domhain. Baineann seachtrachtaí dearfacha leis an staid seo.

(Is é atá i gceist le seachtracht ná na costais sheachtracha (nó na sochair sheachtracha) a éiríonn do dhaoine eile nó don tsochaí mar thoradh ar tháirgeadh nó ar thomhaltas.)

Arna chur in oiriúint ó ourworldindata.org

**1ú x 9**
**(6+3)**

**2ú x 6**
**(3+3)**

**(i)** Luaigh sampla **amháin** de sheachtracht dhearfach maidir le vacsaíní.


- **Daoine eile a chosaint ón víreas a tholg**: cosnaítear a sláinte, agus is féidir leo leanúint ar aghaidh ag freastal ar an ionad oibre, ar scoil agus ar an gcoláiste / laghdaíonn sé scaipeadh an víris.
- **Níos lú brú ar sheirbhísí sláinte**: Beidh níos lú leabaí ag teastáil ó Rannóga Éigeandála chun déileáil le hothair C19 agus beidh na Rannóga Éigeandála in ann feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla.
- **Ligeann sé don tsochaí feidhmiú:** ligtear do dhaoine dul ar ais chuig an ngnáthshaol mar a chuirtear deireadh le srianta nó mar a laghdaítear iad.
- **Is féidir le gníomhaireacht tráchtála atosú**: is féidir gnólachtaí a athoscailt le tionchar dearfach ar an bhfostaíocht agus ar chúrsaí airgid an rialtais.
- **Laghdú ar an ngá le hidirghabháil ón rialtas** inár saoil laethúla, a thabharfaidh níos mó saoirse dúinn agus mar sin de beidh an rialtas in ann díriú ar ná príomhróil eile atá aige. Nuair atá cosaint níos fearr i measc an daonra laghdaítear an costas fadtéarmach don rialtas.
- **Tá an daonra níos sláintiúla** agus mar sin tógfar níos lú saoire bhreoiteachta, agus dá bharr beidh ioncam indiúscartha níos airde ag oibrithe ná sa chás go mbeidís ag fáil na Íocaíochta Dífhostaíochta Paindéime srl.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dheischostas **amháin** ar rialtas na hÉireann as vacsaín COVID-19 a chur ar fáil dá saoránaigh.

D’fhéadfadh an rialtas an t-airgead a úsáid chun seirbhísí eile a sholáthar dá shaoránaigh ar nós fóirdheontais do chúram leanaí, faoisimh do chúramóirí, pinsean feabhsaithe srl.

| | | |
|---|---|---|
| **9.** | Titeann praghas iPad ó **€750 go €500**. Mar thoradh air sin, méadaíonn díolacháin sheachtainiúla iPadanna ó **30,000** aonad go **45,000** aonad.<br><br>$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P1 + P2}{Q1 + Q2}$$<br><br>**(i)** Agus tú ag baint úsáid as an bhfoirmle thuas, déan an obair chun **Praghasleaisteachas an Éilimh (PED)** ar na iPadanna seo a ríomh.<br><br>**ΔQ** 45,000 – 30,000 = 15,000<br>**ΔP** €500 – €750 = -€250<br>**$P_1 + P_2$** €750 + €500 = €1250<br>**$Q_1 + Q_2$** 30,000 + 45,000 = 75,000<br><br>$\frac{15000}{-€250} \times \frac{€1250}{75,000}$<br><br>= - 1 *(caithfidh an comhartha – a bheith ann)*<br><br>**(ii)** Cuir in iúl cé acu **praghasleaisteach**, **praghas-neamhleaisteach nó aonadleaisteach** atá an t-éileamh.<br><br>**AONADLEAISTEACH** | **13**<br><br><br><br><br><br>**2** |

| | | |
|---|---|---|
| **10.** | **Freagair (a) nó (b)**<br>Taispeántar sa ghraf thíos méid an úis a íocadh (2018, 2019, 2020) agus an méid atá tuartha a bheidh le híoc ar fhiachas ginearálta an rialtais ó 2021 go 2024. | |





Arna chur in oiriúint ó NTMA

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** | Agus na sonraí thuas á n-úsáid agat, déan comparáid idir an méid úis a íocadh ar an bhfiachas náisiúnta in 2018 agus an méid úis a bheidh le híoc in 2024, de réir mar atá tuartha.<br><br>Tá an méid úis a bheidh le híoc ar an bhFiachas Náisiúnta in 2024 **i bhfad níos ísle** (€3.51 bn) ná an méid úis a íocadh ar an bhfiachas in 2018 de €5.32bn. | **9+3+3** |
| | **NÓ** | |
| **(b)** | Mínigh an téarma Fiachas Náisiúnta.<br><br>Baineann sé le méid iomlán iasachtaíocht an rialtais atá amuigh / dlite.<br>Baineann sé le líon iomlán an airgid a fuair an rialtas ar iasacht atá dlite. | **9+3+3** |

## Ceist 11

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| (a) | Taispeántar ar an ngraf thíos an miondealú ar sheirbhísí sruthaithe i Stáit Aontaithe. | |




Arna chur in oiriúint ó Statista

**(i)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí thuas comhlánaigh an tábla thíos:

| | |
|---|---|
| Cén tseirbhís a bhfuil an sciar is airde den mhargadh aici? | **YouTube** |
| Cén tseirbhís a bhfuil an sciar is ísle den mhargadh aici? | **Vimeo** |

**9+3**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí as mórán gnólachtaí a bheith ag soláthar seirbhísí sruthaithe sa mhargadh seo.

**1 x 8**
**1 x 4**

- **Bíonn rogha níos mó ag an tomhaltóir** – féadfaidh gnólachtaí níos mó roghanna d'ábhar a chur isteach chun tomhaltóirí a mhealladh.
- **Praghsanna níos iomaíche** – féadfaidh gnólachtaí a bpraghsanna a laghdú chun tomhaltóirí nua a mhealladh.
- **Caighdeán / réimse feabhsaithe de chláir** – féadfaidh gnólachtaí a sholáthraíonn an tseirbhís réimse níos leithne de sheirbhísí / seirbhís níos fearr a sholáthar mar gheall ar an iomaíocht.
- **Níos mó nuálaíochta** – féadfaidh gnólachtaí a bheith níos nuálaí ó thaobh na gclár / an ábhair de agus bainfidh tomhaltóirí leas as seo.


**(b)** Dá gceannódh (dá dtáthcheanglódh) Netflix na seirbhísí sruthaithe eile go léir atá sna Stáit Aontaithe chruthódh sé sin struchtúr margaidh monaplachta. Taispeántar sa léaráid thíos gnólacht ag feidhmiú faoi choinníollacha monaplachta.

**(i)** Scríobh amach go hiomlán céard dó a seasann na trí mhír a bhfuil uimhir (1-3) orthu sa léaráid thíos. **(Ná húsáid giorrúcháin)**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Praghas** | **7** |
| **2.** | **Costas Imeallach / Imeall chostas** | **7** |
| **3.** | **Ioncam imeallach** | **7** |

**(ii)** Tarlaíonn cothromaíocht ag **pointe G** ar an léaráid thuas.
**Cuir in iúl go soiléir agus lipéadaigh ar an léaráid thuas:**

- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad **$C_1$**) **4**
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **$P_1$**) **4**
- Meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid an pointe **$C_1$**) **1**



| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | I roinnt tionscal, is féidir le gnólacht teacht chun cinn mar mhonaplacht.<br><br>**(i)** Mínigh an téarma monaplacht agus tabhair sampla amháin de mhonaplacht a bhfuil eolas agat uirthi in Éirinn.<br><br>Tarlaíonn monaplacht nuair **nach bhfuil ach gnólacht amháin sa tionscal**.<br><br>An Post, Iarnród Éireann, Uisce Éireann, teach tábhairne aonair i do bhaile.<br><br>**(ii)** D'fhéadfadh bacainní ar iontráil a bheith roimh ghnólachtaí ar mian leo dul isteach i dtionscal monaplachta.<br>Tabhair breac-chuntas ar dhá **bhacainn ar iontráil** a d'fhéadfadh a bheith rompu.<br><br>• Féadfaidh an **Rialtas** gan an ceart a thabhairt ach do ghnólacht amháin chun earra a tháirgeadh nó seirbhís a sholáthar.<br><br>• Má tá **paitinn / cóipcheart** ann ní bheidh an ceart ag ach gnólacht amháin chun próiseas déantúsaíochta áirithe a úsáid le haghaidh earra áirithe.<br><br>• **Féadfaidh gnólachtaí dul isteach i gcomhaontuithe trádála** le soláthróirí eile i.e. obair as lámha a chéile ionas nach féidir le gnólacht eile an t-earra nó an tseirbhís a sholáthar sa mhargadh.<br><br>• **Féadfaidh gnólacht an ceart aonair chun na hamhábhar a fháil,** agus mar sin de tiocfaidh monaplacht chun cinn as an ngnólacht sin sa tionscal áirithe sin m.sh. gnólacht sirtheoireachta ola.<br><br>• Le haghaidh roinnt tionscal, **bíonn an caipiteal atá riachtanach chun gnólacht a bhunú sa tionscal sin chomh mór sin** nach féidir ach le gnólacht atá in ann an caipiteal a bhailiú feidhmiú sa mhargadh.<br><br>• **Trí chumasc le hiomaitheoir nó an t-iomaitheoir a cheannach** féadfaidh gnólacht teacht chun cinn mar sholáthróir monaplachta sa tionscal sin.<br><br>• **Féadfaidh duine aonair nó grúpa daoine, le baol, lámh láidir nó bagairtí,** stop a chur ar dhaoine eile dul in iomaíocht leis an soláthróir m.sh. soláthar drugaí neamhdhleathacha.<br><br>**(iii)** Tabhair breac-chuntas amháin ar féidir le rialtais idirghabháil sa mhargadh má éiríonn gnólacht amháin rócheannasach.<br><br>• **Rialáil**: is féidir le rialtóirí cinntiú nach mbaineann gnólachtaí ceannasacha mí-úsáid as a gceannasacht trí iniúchtaí a dhéanamh ar iompar ar féidir leis a bheith i gcoinne leas an tomhaltóra. Praghsanna ar féidir leo a ghearradh ar thomhaltóirí a chinneadh ar nós an leictreachais.<br><br>• **Reachtaíocht**: is féidir leis an rialtas / an AE dlíthe a úsáid chun iompar frithiomaíoch nó mí-úsáideach, déanta ag gnólachtaí ceannasacha, a dhéanamh neamhdhleathach. Nuair a aimsítear go bhfuil gnólacht ceannasach ag dul i mbun iompar atá i gcoinne leas an tomhaltóra is féidir go ngearrfar fíneálacha orthu. | <br><br><br><br><br>**5**<br><br>**4**<br><br>**2 x 4**<br>**(2+2)**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**4**<br>**(2+2)** |

## Ceist 12

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|

**(a)** Léiríonn an t-eolas thíos sceidil éilimh agus soláthair an mhargaidh maidir le cupáin chaife in athúsáidte.

| Phraghas (€) | An Chainníocht a Éilítear (Aonaid) | An Chainníocht a Sholáthraítear (Aonaid) |
|---|---|---|
| 9 | 10,000 | 50,000 |
| 8 | 20,000 | 40,000 |
| 7 | 30,000 | 30,000 |
| 6 | 40,000 | 20,000 |
| 5 | 50,000 | 10,000 |


Agus úsáid á baint agat as an eolas thuas agus ar **léaráid amháin** ar an ngrafpháipéar thíos (tá an ais chothrománach agus an ais cheartingearach déanta cheana chun cuidiú leat):

**(i)** Tarraing **agus** lipéadaigh cuar éilimh an mhargaidh ar chupáin chaife in-athúsáidte.


**(ii)** Tarraing **agus** lipéadaigh cuar soláthair an mhargaidh de chupáin chaife in-athúsáidte.

**(iii)** Taispeáin ar do léaráid:

- Praghas cothromaíochta an mhargaidh ar chupáin chaife in-athúsáidte (úsáid **$P_1$**)
- Cainníocht chothromaíochta an mhargaidh de chupáin chaife in athúsáidte (úsáid **$C_1$**)




**28 (14 x 2)**

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Sa léaráid thíos taispeántar cuar an éilimh agus an tsoláthair maidir le héadaí Giom + Caife.<br> | Féach ar na marcanna thíos |
| | **(i)** Dá bhfeicfí duine clúiteach ar ardán meán sóisialta (TikTok) agus éadaí Giom + Caife á gcaitheamh ag an duine sin, cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an éileamh ar éadaí Giom + Caife?<br><br>Bheadh sé seo ina chúis le **méadú ar an gcainníocht arna éileamh** ar éadaí Giom + Caife. Déanfaidh formhuiniú an duine chlúitigh **éadaí níos tarraingtí de na héadaí** don tomhaltóir. Tá **fógraíocht á déanamh ar na héadaí** nuair atá siad le feiceáil ar ardán meán sóisialta agus ansin bíonn níos mó clú orthu, mar sin de thiocfadh méadú ar an éileamh atá ar na héadaí. | **8** |
| | **(ii)** Taispeáin, ar an léaráid thuas, an bealach a bhféadfadh an t-athrú in **(i)** thuas dul i bhfeidhm ar chuar an éilimh.<br><br>Gluaisfidh cuar an éilimh ar dheis – **É2 thuas ar an léaráid.** | **8** |
| | **(iii)** Taispeáin, ar an léaráid thuas, praghas na cothromaíochta nua (**$P_2$**) agus cainníocht na cothromaíochta nua (**$C_2$**) mar thoradh ar **(ii) thuas**. | **6 + 6** |

**(c)** Bunaíodh an caifé Nineteen30 i Luimneach in 2021. Cuireann sé cur chuige úr inbhuanaithe do chaife áise ar fáil dá chustaiméirí.




Arna chur in oiriúint ó 1930.ie

**(i)** Mínigh an téarma inbhuanaitheacht.

**5 (3+2)**


**Fás eacnamaíoch a bhaint amach** gan dochar a dhéanamh don tsochaí nó don timpeallacht.
**Riachtanais reatha an chine daonna a chomhlíonadh** gan cur as d'**acmhainn na nglúnta sa todhchaí chun a riachtanais a chomhlíonadh.**

**(ii)** Mol dhá bhealach a bhféadfadh gnólacht a bheith níos inbhuanaithe.

**2 x 7 (4+3)**

- **Spreag daoine chun a gcupáin féin a úsáid**: tabhair ugach do thomhaltóirí a úsáideann a gcupáin féin.
- **Foinsigh comhábhair áitiúla**: laghdóidh sé seo mílte aerthaisteal / laghdófar costais iompair.
- **Pacáistiú**: laghdaigh úsáid an phlaistigh agus foinsigh ábhair éiceabhácha inbhuanaithe / úsáid pacáistiú atá neodrach ó thaobh carbóin de
- **Úsáid fuinneamh in-athnuaite**: suiteáil painéil ghréine / cuardaigh soláthróir d'fhuinneamh glas chun úsáid na mbreoslaí iontaise a laghdú.
- **Spreag an fhoireann chun iompar poiblí a úsáid** (trí fhordheontas) nó cuidigh leo athrú go feithiclí leictreacha
- **Cuir crann timpeall na n-áitreabh**: is féidir le crainn 20kg de charbón a shúigh isteach
- **Laghdaigh úsáid uisce**: cuir isteach córais atá coigilteach ar uisce sa ghnólacht ar nós sconnaí a stopann go huathoibríoch srl.
- **Fuíllearraí caife a athrú** chun a bheith ina n-earraí eile ar nós bithbhreosla.

## Ceist 13

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| | Taispeántar sa léaráid thíos caiteachas reatha agus caiteachas caipitiúil an rialtais atá tuartha do 2022.<br><br> | |
| **(a)** | **(i)** Ríomh an **caiteachas reatha** mar chéatadán de chaiteachas iomlán an rialtais. Taispeáin an obair a dhéanann tú.<br><br>$\frac{€71.82 \text{ bn}}{€82.92 \text{ bn}} \times 100 = 86.61\%$ | **16** |
| | **(ii)** Mínigh caiteachas reatha **nó** caiteachas caipitiúil an rialtais agus sampla ábhartha á úsáid agat chun tacú le do fhreagra.<br>Cuir tic (✓) leis an gceann atá á fhreagairt agat.<br><br>Caiteachas reatha: ☐ Caiteachas caipitil: ☐<br><br>Is éard is **caiteachas caipitil** atá ann ná airgead caite ag an rialtas ar rudaí a mhairfidh ar feadh tréimhse fada nó caiteachas aonuaire / airgead caite ar infreastruchtúr.<br>Sampla: scoil nó ospidéal a thógáil.<br>***NÓ***<br>Is éard is **caiteachas reatha** atá ann ná airgead caite ar na costais lá go lá a bhaineann leis an tír a reáchtáil.<br>Sampla: tuarastail fhostaithe an stáit, pinsin, íocaíochtaí leas sóisialta | **9**<br>**(6 + 3)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Ríomhtar an tIoncam Náisiúnta de réir na foirmle seo a leanas:<br>**Ioncam Náisiúnta = Tomhaltas + I + Caiteachas Rialtais + X – M**<br><br>**(i)** Luaigh céard dó a seasann gach ceann de na litreacha **I**, **X** agus **M**.<br><br>**I:** Infheistíocht<br>**X:** Easpórtálacha<br>**M:** Iompórtálacha | **12** |
| | **(ii)** Is í seo a leanas foirmle an iolraitheora i ngeilleagar oscailte:<br>$$\frac{\mathbf{1}}{\mathbf{MPS + MPM}}$$<br>Glac leis gurb é 0.1 an MPS agus gurb é 0.4 an MPM.<br>Agus úsáid á baint agat as an bhfoirmle thuas, ríomh méid an iolraitheora.<br><br>$\frac{1}{0.1 + 0.4} = 2$ | **12** |
| | **(iii)** Mínigh an bhrí eacnamaíochta atá leis an bhfigiúr a ríomh tú le haghaidh an iolraitheora in **(ii)** thuas.<br><br>Le haghaidh gach **€1 a chuirtear isteach sa gheilleagar**, **dúblálfar an t-ioncam náisiúnta** .<br>Le haghaidh gach euro a chaitear sa gheilleagar, méadóidh an tIoncam Náisiúnta €2. | **6** |

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Táthar ag tuar go bhfásfaidh an t-éileamh intíre 7.1% in 2023.<br><br>Arna chur in ón mBanc Ceannais<br><br>**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis an méadú tuartha ar **chaiteachas tomhaltóirí** in Éirinn in 2023.<br><br>• **Maolú na srianta sláinte**: lig sé sin do thomhaltóirí, a bhí in ann, siopadóireacht a dhéanamh i bpearsan.<br>• **Éileamh faoi chois**: le linn na paindéime, shábháil saoránaigh a gcuid airgid (níos mó ná €31bn faoi Shamhain 2021) agus mar sin de bhí níos mó ioncaim indiúscartha acu le caitheamh.<br>• **D'oscail na siopaí**: bhí rochtain ag tomhaltóirí ar ionaid díola nach raibh ar fáil don chuid is mó den phaindéim. | **10**<br>**(6+4)** |
| | **(ii)** Glactar leis go n-iompraíonn tomhaltóirí iad féin go réasúnach agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíocht eacnamaíochta.<br><br>Mínigh an coincheap d'**iompraíocht réasúnach tomhaltóirí**. Tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.<br><br>Ciallaíonn iompraíocht réasúnach go n-iompraíonn tomhaltóirí iad féin i mbealach atá i gcomhréir lena roghanna / ceannaíonn tomhaltóirí earraí agus seirbhísí a thugann an sásamh is mó dóibh lena n-ioncam.<br><br>Sampla: Más fearr le tomhaltóir péire bróga reatha ná péire brístí géine agus tá an costas céanna orthu beirt, roghnóidh an tomhaltóir na bróga reatha.<br><br>Má tá na bróga reatha ar díol in dhá shiopa atá buailte ar a chéile, cheannóidh an tomhaltóir réasúnach na bróga reatha a bhfuil an praghas is ísle orthu. | **1ú x 6**<br>**2ú x 4** |

| Ceist 14 |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| (a) | Tá Clann Uí Chléirigh ag táirgeadh an iógairt orgánaigh Glenisk i gContae Uíbh Fhailí le tríocha bliain anuas.<br><br>**(i)** Comhlánaigh an tábla thíos chun an tuiscint atá agat ar na tosca táirgeachta a mbaintear úsáid astu i dtáirgeacht iógairt a thaispeáint.<br>Tá cuid den eolas comhlánaithe. | **24**<br><br>**4 x 6**<br>**(4+2)**<br><br>**1ú x 4**<br>**2ú x 2** |

| Toisc Tháirgeachta | Míniú | Sampla |
|---|---|---|
| **1. Talamh** | **Aon rud a thagann ón dúlra a chuidíonn le táirgeadh iógairt.**<br>**An talamh ar ar tógadh monarcha Glenisk**<br>**Amhábhair a úsáidtear chun an iógart a dhéanamh.** | **Bainne**<br>**Siúcra**<br>**Caora** |
| **2. LUCHT OIBRE** | **Iarracht an duine a bhaineann le táirgeadh iógairt.**<br>**Na hoibrithe a dhéanann an iógart.** | **Oibrithe** |
| **3. Caipiteal** | **Earraí saorga a úsáidtear chun iógart orgánach Glenisk a tháirgeadh.** | **Innealra**<br>**Trealamh**<br>**Feithiclí**<br>**Foirgneamh na monarchan** |
| **4 FIONTRAÍOCHT** | **Téitear i bhfiontar le smaoineamh nuair a bhunaítear gnó chun brabús a dhéanamh.** | **Clann Uí Chléirigh** |

**(a)** **(ii)** Tógann Glenisk uisce as locháin áitiúla agus scagann siad é le húsáid sa táirgeacht acu mar aithníonn siad gur acmhainn ghann é an t-uisce.

Arna chur in oiriúint ó glenisk.com

Mínigh céard is acmhainn ghann ann. **3**

Níl a dhóthain uisce ann / tá soláthar an uisce finideach maidir le riachtanais gach duine a chomhlíonadh.
Is teoranta an soláthar d'acmhainn / de thoisc tháirgeachta agus is neamhtheoranta an t-éileamh.
Maidir le cainníocht na n-earraí agus na seirbhísí a thaitníonn le daoine, sháraigh an cainníocht sin an líon ar féidir le hacmhainní an gheilleagair a tháirgeadh.

**(iii)** Déan trácht ar an gcur chuige atá ag Glenisk maidir le húsáid uisce mar acmhainn ghann. **7**

Déanann an chuideachta iarracht chun diomailt uisce a íoslaghdú agus cur chuige inbhuanaithe a úsáid maidir le hídiú uisce a monarchan. Laghdaíonn an cur chuige seo an tionchar diúltach a bhíonn ar an timpeallacht.

**(b)** I dtuarascáil uathu le déanaí, dúirt an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur chóir do rialtas na hÉireann smaoineamh ar tháillí uisce a chur i bhfeidhm arís.

curtha in oiriúint ó The Irish Times

**1ú x 10 (6+4)**

**2ú x 7 (4+3)**

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta amháin **ar son** táillí uisce a chur i bhfeidhm arís.

- **Bainfidh úsáid níos fearr as acmhainn ghann**: beidh tomhaltóirí níos cúramaí le líon an uisce a ídíonn siad mar sin de tiocfaidh caomhantas uisce as.
- **Úsáid reatha den ioncam a fhaightear**: is féidir an t-airgead a fhaightear a úsáid chun córas an uisce a uasghrádú / caighdeán an uisce a fheabhsú.
- **Infheistíocht in infreastruchtúr**: san fhadtéarma is féidir na córais sholáthair uisce agus cóireála fuíolluisce in Éirinn a dhéanamh níos inbhuanaithe.
- **Nuálaíocht maidir le caomhantas uisce**: féadfaidh na táillí an nuálaíocht a spreagadh m.sh. gnólachtaí / teaghlaigh ag baint úsáid as uisce báistí.

**(ii)** Mínigh cén fáth a mbeadh roinnt saoránach in Éirinn míshásta dá gcuirfí táillí uisce i bhfeidhm arís.

- **Caighdeán maireachtála**: titfidh ioncaim indiúscartha, agus laghdóidh sé seo an caighdeán maireachtála.
- **Deischostas**: baineanna deischostas leis na táillí seo toisc gur féidir an t-ioncam a chaitheamh ar rud éigean eile.
- **Tionchar ar theaghlaigh ar ioncam íseal**: tá na táillí cúlchéimnitheach toisc go dtéann siad i bhfeidhm ar theaghlaigh ar ioncaim níos ísle i bhfad níos mó ná ar theaghlaigh eile sa chiall go nglacann na táillí sciar níos mó dá n-ioncaim uathu.
- **Boilsciú**: ardófar praghsanna, agus cuirfidh sé seo níos mó leis an mboilsciú atá ag tarlú in Éirinn.
- **Cánachas dúbailte**: creideann saoránaigh go n-íocann siad as an tseirbhís seo cheana tríd an gcóras cánach go ginearálta agus nár chóir níos mó táillí a ghearradh orthu.
- **Is ceart daonna í rochtain ar uisce**: cuirfidh saoránaigh an cheist maidir le cén fáth atá na táillí seo bailí / cothrom.

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Chuaigh Glenisk i gcomhpháirtíocht leis an gcarthanas forbartha idirnáisiúnta Féinchúnamh na hAfraice chun 1,000,000 crann a chur i gcuid de na náisiúin thearcfhorbartha san Afraic. Arna chur in oiriúint ó glenisk.com | |
| | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné/shaintréith a bhaineann le náisiún tearcfhorbartha. | **16**<br>**2 x 8**<br>**(4+4)** |

**Rátaí arda fáis daonraí**: bíonn rátaí fáis daonra níos airde i náisiúin thearcfhorbartha, agus mar sin de bíonn roinnt fadhbanna eacnamaíocha acu a mbíonn a rialtais ag streachailt chun réitigh a aimsiú orthu.

**Gorta / ionchas saol gearr**: is rómhinic a tharlaíonn gortaí sna náisiúin seo, atá ina gcúis le galar agus leis an mbás ag aois óg. Tá go leor páistí ann nach maireann ar feadh níos mó ná 5 bliana.

**Fiacha eachtracha arda / easpa caipitil**: tá siad seo níos airde sna náisiúin seo i gcomparáid leis an ioncam náisiúnta agus tógann na haisíocaíochtaí airgead ó ioncam an rialtas, airgead arbh fhéidir a úsáid chun críocha i bhfad níos tairbheacha. Tá cuid mhór de na fiacha dlite in airgeadraí eachtracha. Ní an caipiteal ag na náisiúin seo atá riachtanach chun forbairt eacnamaíoch agus gineadh fostaíochta a bhaint amach.

**Ró-spleách ar bharr amháin**: féadfaidh siad a bheith faoi réir loicthe agus/nó athrú mór ar phraghsanna easpórtála.

**Bíonn céatadán ard den daonra i mbun tionscail príomhúla/eastóscacha**: mar gheall air seo ní bhíonn go leor oibrithe sna hearnálacha tánaisteacha agus treasacha agus mar sin de bíonn droch-chaighdeán maireachtála / bonn tionsclaíoch tearcfhorbartha ann.

**Droch-chaighdeán Infreastruchtúir**: féadfaidh sciar mór den daonra a bheith ina gcónaí i gcúinsí deacra, gan uisce nó le huisce salach agus droch-chórais shéarachais.

**Bochtanas / ioncam íseal in aghaidh an duine**: bíonn droch-chaighdeán maireachtála agus éileamh íseal ar earraí agus seirbhísí ann de thoradh ar na rudaí sin.

**Leibhéil ísle oideachais agus litearthachta / fórsa oibre neamhoilte:** bíonn na deiseanna oideachasúla an-teoranta. Feidhmíonn sé seo mar bhac ar an bhforbairt eacnamaíoch agus cuireann sé le ráta ard dífhostaíochta.


**Corparáidí Ilnáisiúnta / daoine aonair sa tír agus i dtíortha eachtracha ag déanamh dúshaothraithe orthu**: féadfaidh seo a bheith i bhfoirm rátaí ísle pá; easpa cúraim don timpeallacht; smacht ar easpórtálacha tábhachtacha. Féadfaidh mionlach den daonra a bheith i gceannas ar chuid mhór de shaibhreas na tíre, a bhíonn ina chúis leis an mbochtanas. Féadfar iad a dhúshaothrú le praghsanna ísle easpórtála agus praghsanna arda iompórtála.

**Éilliú polaitiúil**: caitheann roinnt náisiúin a lán airgid ar riarachán maorlathach / chaiteachas míleata a bhíonn ina chúis le corraíl shibhialta. I gcuid acu bíonn na hinstitiúidí polaitiúla corrach agus cuireann seo bac ar an infheistíocht.

| | | |
|---|---|---|
| | **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a dtugann rialtas na hÉireann cúnamh (cistiú) don fhorbairt thar lear.<br><br>**Forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn**: agus leas na saoránach a fheabhsú.<br>**Cúiseanna daonnúla**: chun cuidiú a thabhairt nuair atá éigeandáil ann agus chun básanna a sheachaint.<br>**Bochtanas, ocras srl. a laghdú**: chun cuidiú le saoránaigh maireachtáil trí ghortaí.<br>**Tacú le saoránaigh an ceann is fearr a fháil ar thionchar an athraithe aeráide** toisc nach bhfuil na hacmhainní riachtanacha acu.<br>**Feabhas a chur ar rochtain ar an oideachas agus caighdeán an oideachais**: do chách ionas gur féidir an bochtanas a laghdú.<br>**Rochtain ar uisce glan agus córais shéarachais**: cuidiú le scaipeadh galair a choinneáil faoi smacht.<br>**Sprioc na NA a chomhlíonadh de 0.7% den Ollioncam Náisiúnta curtha i gCúnamh Oifigiúil Forbartha:** sprioc atá ráite ag rialtas na hÉireann. | **8**<br><br>**2 x 4**<br>**(2+2)** |

## Ceist 15


| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| | Taispeántar sa ghraf thíos na cánacha corparáide a fuair rialtas na hÉireann ó 2011 go 2020. | |




| | | |
|---|---|---|
| (a) | **(i)** Agus úsáid á baint agat as na figiúirí sa ghraf thuas, mínigh an treocht maidir leis an gcáin chorparáide a fuair rialtas na hÉireann le linn na tréimhse 2011 go 2020.<br><br>Tháinig **méadú** rialta ar líon an airgid atá faighte ag an Stáit ó cháin chorparáide. Mhéadaigh sé ó thart ar €4m in 2011 go thart ar €12m in 2020. | **10 (6+4)** |
| | **(ii)** Mínigh na buntáistí a bhaineann leis an rialtas a bheith ag bailiú cáin chorparáide.<br><br>**Tugtar ioncam don rialtas / maoinítear gníomhaíochtaí rialtais**: bíonn ioncam cánach ag teastáil ón rialtas chun oibriú na tíre ó lá go lá a mhaoiniú m.sh. cosaint, póilíneacht srl.<br>**Soláthraítear seirbhísí poiblí**: bíonn ioncam cánach ag teastáil ón rialtas chun seirbhísí atá riachtanach do shaoránaigh a sholáthar ar nós seirbhísí cúram sláinte, scoileanna srl.<br>**Cuidiú leis an saibhreas a athdháileadh**: is féidir leis an rialtas an cháin a bhailítear a athdháileadh i bhfoirm íocaíochtaí leas sóisialta do shaoránaigh a mbíonn sé de dhíth orthu m.sh. pinsin seanaoise, liúntais tuismitheora aonair srl.<br>**Earnáil na tionsclaíochta a chur chun cinn / tacú léi**: is féidir fordheontais, deontais a sholáthar chun cuidiú le hearnáil na tionsclaíochta agus chun fiontraíocht, fostaíocht agus oiliúint a spreagadh.<br><br>*2 choincheap: ioncam méadaithe chun tuilleadh seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh.* | **9 (6+3)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Cúig láithreán i mBaile Átha Cliath ar ghearrliosta de le haghaidh ceanncheathrú nua do TikTok.<br>Curtha in oiriúint ó Independent.ie | |
| | **(i)** Ainmnigh dhá Chorparáid Ilnáisiúnta eile atá ag feidhmiú in Éirinn.<br><br>Apple, Google, Facebook, Coca-Cola, PayPal, Microsoft, Twitter, Pfizer, Intel, Dell, IBM, Coca Cola, Glanbia, Kerry Group, Ryanair. | **2 x 6** |
| | **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a lonnódh TikTok in Éirinn.<br><br>**Fórsa saothair oilte léannta/le Béarla ar fáil:** tá fórsa saothair mór ardléannta il-oilte ar fáil do gnólachtaí. Is rud an-tarraingteach é fórsa saothair le Béarla do ghnólachtaí eachtracha.<br>**Rátaí ísle cánachais:** tá an ráta cánach corparáide brabús in Éirinn ar cheann de na cinn is ísle laistigh den AE.<br>**Rochtain ar mhargadh an AE / Ballstát den Eor-airgeadra:** tá rochtain ag gnólachtaí a lonnaíonn in Éirinn ar shaorghluaiseacht a n-earraí laistigh den AE. Is ballstát de limistéar an euro í Éire agus ciallaíonn sé seo go bhfuil idirbhearta idirnáisiúnta laistigh de limistéar an euro níos saoire agus níos tarraingtí dá réir.<br>**Fáil ar dhreasachtaí stáit:** is féidir le gnólachtaí tairbhe a bhaint as deontais tharraingteacha agus dreasachtaí eile atá á gcur ar fáil ag an stát e.g. deontais ar mhaithe le taighde agus forbairt etc.<br>**Dea-chaidrimh tionscail:** mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí sóisialta tá síocháin tionscail ann tríd is tríd, rud a chiallaíonn go bhfuil táirgeadh gan stad ar fáil do ghnólachtaí.<br>**Ráta seasmhach maidir le fás geilleagrach:** bhí ráta an fháis gheilleagraigh in Éirinn ar cheann de na rátaí ba tharraingtí laistigh den AE agus mar thoradh air sin tá muinín ann i measc infheisteoirí, a fhéachann ar Éirinn mar mhargadh tarraingteach dá n-earraí.<br>**Timpeallacht eacnamaíoch sheasmhach:** nuair a mheastar é le taobh na gcaighdeán idirnáisiúnta tá ag éirí go fíormhaith le heacnamaíocht na hÉireann. Chuir sé seo le muinín mhéadaithe ghnó a spreagann gnólachtaí chun lonnú anseo. | **2 x 4**<br>**(2+2)** |
| | **(iii)** Déan cur síos ar dhá bhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh an **pobal áitiúil** a bhaint as Corparáid Ilnáisiúnta a bheith lonnaithe i do cheantar áitiúil.<br><br>**Poist a chruthú:** soláthróidh na Corparáidí Ilnáisiúnta poist go díreach sa chomhlacht agus go hindíreach trí ghnólachtaí tacaíochta ar nós bialanna áitiúla; gnólachtaí glantacháin srl.<br>**Fás eacnamaíoch méadaithe**: méadóidh an caiteachas méadaithe sa cheantar an t-éileamh ar earraí agus seirbhísí sa cheantar áitiúil.<br>**Méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch go háitiúil**: bhainfeadh gach gnólacht sa cheantar tairbhe as líon ardaithe na ndaoine sa cheantar.<br>**Pobail áitiúla níos beoga**: leis an méadú ar fhostaíocht féadfaidh níos mó daltaí a bheith i scoileanna áitiúla, rud a chabhraíonn le caomhnú an phobail áitiúil.<br>**Feabhsuithe ar an infreastruchtúr áitiúil**: féadfar an t-infreastruchtúr cumarsáide a fheabhsú; an líonra iompair; infreastruchtúr sóisialta feabhsaithe ar nós limistéir ghlasa srl. | **2 x 4**<br>**(2+2)** |

Taispeántar sa ghraf thíos easpórtálacha as Éirinn chuig na Stáit Aontaithe (US) agus easpórtálac Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe (UK) idir Eanáir 2021 agus Nollaig 2021.




**(c)** **(i)** Ag baint úsáid as na figiúirí sa ghraf thuas duit, déan trácht ar na treochtaí in easpórtálacha as Éirinn chuig na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe.

**Easpórtálacha chuig na Stáit Aontaithe** **6**
**Bhíodh easpórtálacha** chuig na Stáit Aontaithe **seasta gan aon athrú mór** / le méaduithe beaga de réir a chéile ó mhí Feabhra go Márta / titim i mí Aibreáin agus méadú arís.
Bhí na heaspórtálacha níos mó ná €4bn i mí Eanáir agus €4bn i mí na Nollag.

**Easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe** **6**
**Bhíodh na heaspórtálacha idir €1bn agus thart ar €2bn / Méadú beag ar easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe tar éis roinnt míonna.**
Bhí easpórtálacha níos mó ná €1bn i mí Feabhra agus €2bn i mí na Samhna.

*2 choincheap: Treocht + Úsáid figiúirí chun comparáid a dhéanamh.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann geilleagar na hÉireann as **easpórtáil** chuig tíortha eile. **2 x 8 (4+4)**

**Cruthú fostaíochta**: má sháraíonn líon na n-easpórtálacha líon na n-iompórtálacha méadófar an t-éileamh ar earraí a tháirgtear in Éirinn, agus mar sin de beidh níos mó fostaíochta sa tír.
**Méadú ar Olltáirgeacht Náisiúnta / fás geilleagrach:** beidh ioncaim mhéadaithe laistigh den tír ann mar thoradh ar an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (infheistiú sa sreabhadh ciorclach).
**Airgead an rialtais:** cruthóidh gníomhaíocht mhéadaithe eacnamaíochta ioncaim mhéadaithe chánach don Rialtas e.g. CBL / ÍMAT / cáin bhrabúis chorparáide.
**Infheistíocht a mhealladh:** cuirfidh easpórtálacha láidre leis an muinín i ngeilleagar na hÉireann agus féadfaidh sé seo infheistíocht bhreise a mhealladh go hÉirinn.
**Díolacháin / brabúis mhéadaithe:** má sháraíonn líon na n-easpórtálacha líon na n-iompórtálacha, féadfaidh gnólachtaí intíre cur lena ndíolacháin / lena mbrabúis trína bhfarasbarr aschuir a easpórtáil chuig margadh eachtrach / féadfaidh siad leas a bhaint as barainneacht scála.

## Ceist 16

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| **(a)** | Taispeántar sa tábla thíos an tionchar a bhí ar phraghsanna alcóil mar gheall ar tabhairt isteach an Íosphraghas ar Aonad (IPA) le haghaidh roinnt táirgí alcóil ó Eanáir 2022 amach. | |

**Íosphraghas ar Aonad (IPA) de Tháirgí Alcóil**

| Deoch | Toirt (ml) | % Alcóil de réir Toirte (ABV) | Íosphraghas ar Aonad € (IPA) |
|---|---|---|---|
| Fuisce | 700 | 40% | €22.09 |
| Jin | 700 | 40% | €22.09 |
| Ceirtlis (Canna) | 500 | 4.3% | €1.70 |
| Leann Dubh (Canna) | 500 | 4.2% | €1.66 |

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhá **chúis ar** thug an rialtas isteach íosphraghsáil ar alcól ó mhí Eanáir 2022.

**2 x 6 (3+3)**

- **Chun ídiú / mí-úsáid alcóil a laghdú** - féadfaidh an praghas níos airde dul i ngleic leis an mí-úsáid alcóil / ragús óil trí ídiú a laghdú.
- **Chun líon na mbásanna a bhaineann leis an alcóil** – baineann cuid shuntasach de na básanna in Éirinn leis an alcól, mar sin de má thiteann leibhéal an ídithe titfidh líon na mbásanna.
- **Chun cuidiú le fadhbanna pearsanta / sóisialta a laghdú** - féadfar fadhbanna pearsanta / sóisialta sa tsochaí a bheith laghdaithe de mar gheall ar laghdú ar an ídiú.
- **Ísliú ar líon na ndaoine á gcur i rannóga éigeandála** - Bheadh níos lú ídithe ina chúis le níos lú daoine á gcur i rannóga éigeandála, a ligfeadh d'ospidéil feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus chuideoidh mar sin de le costais sláinte a laghdú.
- **Cuidiú leis an tsláinte a fheabhsú** - má laghdaíonn an t-ídiú in aghaidh an duine féadfaidh daonra níos sláintiúla a bheith de thoradh ar an laghdú le níos lú laethanta caillte mar gheall ar an neamhláithreacht / níos mó táirgiúlachta.

**(ii)** I gCáinaisnéis na bliana 2022, d'ardaigh an rialtas praghas paicéid toitíní 50c. Mol **beart amháin eile** a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar chaitheamh toitíní.

**7 (4+3)**

- **Feasacht / oideachas an tomhaltóra**: feachtais fógraíochta a neartú chun feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le caitheamh toitíní. Cláir a thabhairt isteach i mbunscoileanna chun na himpleachtaí a bhaineann le caitheamh tobac a léiriú.
- **Tabhair isteach teorainn ar líon na dtoitíní** ar féidir le duine aonair a cheannach i siopaí mar atá ann do pharaicéiteamól.
- **Srianta aoise**: ardaigh an aois dhleathach chun toitíní a chaitheamh go 21.
- **Ionaid díolta**: cuir teorainn ar líon na n-áiteanna a dhíolann toitíní m.sh. díol toitíní a chosc i stáisiúin pheitril / tithe tábhairne srl. / siopaí atá cóngarach le scoileanna srl.
- **Íosphraghas a thabhairt isteach**: cuirfidh sé seo cosc ar dhíol toitíní faoi phraghas ar leith chun caitheamh toitíní a laghdú.
- **Fóirdheonaigh earraí atá ar fáil chun cuidiú le daoine éirí as an tobac**: dá dtabharfaí fóirdheontais le haghaidh earraí den chineál sin, laghdófar costais don tomhaltóir.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste sóisialta amháin agus ar bhuntáiste príobháideach amháin a bhaineann leis an rialtas a bheith ag méadú na cánach ar thoitíní.<br><br>**Sochair Shóisialta:**<br><br>• **Táirgiúlacht níos fearr / laghdú ar an neamhláithreacht**: is féidir go mbeidh oibrithe as láthair níos annaimhe / níos lú íocaíochtaí leas sóisialta / laghdú ar neamhláithreacht, le táirgiúlacht níos fearr mar gheall ar an laghdú.<br>• **Laghdú ar líon na mbásanna a bhaineann leis an ailse**: a bheidh mar bhuntáiste ag an tsochaí toisc go mairfidh a saoránaigh níos faide.<br>• **Brú laghdaithe ar ospidéil / laghdú ar chaiteachas sláinte**: costais sóisialta laghdaithe don tsochaí toisc go bhféadfar an tseirbhís a reáchtáil i mbealach níos éifeachtúla.<br>• **Daonraí níos sláintiúla / níos saibhre**: beidh saoránaigh níos sláintiúla le níos lú tinneas a bhaineann leis an tobac / beidh níos mó ioncam indiúscartha acu le caitheamh / sábháil.<br>• **Comhshaol feabhsaithe**: níos lú bruscair ar na sráideanna agus costais ghlantacháin laghdaithe. | **1 x 4 (2+2)** |
| | **Buntáistí Príobháideacha:**<br><br>• **Ioncaim indiúscartha mhéadaithe**: Má cheannaíonn daoine níos lú toitíní, beidh níos mó ioncam indiúscartha acu.<br>• **Cineál saoil níos sláintiúla**: féadfaidh daoine aonair a bheith níos sláintiúla le níos lú drochiarmhairtí ó chaitheamh toitíní.<br>• **Caiteachas laghdaithe ar chúram sláinte**: le níos lú tinneas caithfidh daoine aonair níos lú ar chuairteanna ar an dochtúir, ar chúram sláinte srl.<br>• **Préimheanna laghdaithe árachais cúraim sláinte**: préimheanna árachais sláinte atá níos saoire. Ionchas saoil méadaithe: Féadfaidh daoine aonair maireachtáil níos faide má laghdaíonn siad líon na dtoitíní a chaitheann siad.<br>• **Ionchas saoil**: Féadfaidh daoine aonair maireachtáil níos faide má laghdaíonn siad líon na dtoitíní a chaitheann siad. | **1 x 4 (2+2)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Tháinig ardú 5.5% ar an ráta bliantúil boilscithe praghsanna i mí na Nollag 2021.<br>Arna chur in oiriúint ó nuacht RTÉ.ie<br><br>**(i)** Mínigh an téarma boilsciú praghsanna.<br><br>**Ardú** ar **leibhéil** ghinearálta **na bpraghsanna** d'earraí & seirbhísí thar tréimhse ama.<br>**Ísliú** ar **luach airgid** / **is féidir** le daoine **níos lú a cheannach lena n-airgead**. | **8** |
| | **(ii)** Déan plé ar dhá shlí a bhféadfadh an ráta boilscithe praghsanna seo dul i bhfeidhm ar shaoránaigh na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de.<br><br>• **Laghdú ar chumhacht ceannaigh:** tiocfaidh laghdú ar chaighdeán maireachtála an duine de thoradh ar an mboilsciú, mar a cheannaíonn a ioncam níos lú earraí/seirbhísí.<br>• **Méadú ar an mbochtanas**: le níos lú cumhachta ceannaigh féadfaidh iallach a bheith ar daoine gearradh siar ar rudaí riachtanacha ar nós bia agus fuinnimh.<br>• **Éilimh ar arduithe pá**: féadfaidh oibrithe arduithe pá a lorg chun dul i ngleic leis na himpleachtaí a bhaineann le praghsanna ag dul in airde, chun a gcaighdeáin mhaireachtála a choimeád.<br>• **Laghdú ar chumhacht ceannaigh atá ag an airgead atá sa taisce / cuirfear in aghaidh airgead a chur i dtaisce**: má tá an ráta boilscithe níos airde ná an t-ús a thuilltear ar an airgead chuirtear i dtaisce beidh luach an airgid sin níos ísle.<br>• **Spreagtar iasachtaí**: go stairiúil nuair a sháraigh an ráta boilscithe an ráta úis bhí sé níos saoire chun iasachtaí a thógáil amach.<br>• **Féadfaidh caiteachas ar earraí neamhriachtanacha titim:** le níos mó ioncaim ag teastáil le caitheamh ar earraí riachtanacha féadfaidh éileamh ar earraí neamhriachtanacha titim agus bheadh tionchar aige seo ar dhíolacháin, fhostaíocht agus ar fhás na ngnólachtaí seo.<br>• **Corraíl sa tsochaí:** leis na praghsanna atá ag dul in airde faoi láthair chuaigh saoránaigh ag agóid toisc an easpa ghníomhaíochta ón rialtas chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Cruthaíonn sé seo éiginnteacht agus féadfaidh sé dul i bhfeidhm ar an bhfás eacnamaíoch go diúltach.<br>• **Cúrsaí airgid an rialtais:** má thugann an rialtas cabhair chun dul i ngleic leis na héifeachtaí a bhaineann le praghsanna ag dul in airde beidh níos mó caiteachais ann dá bharr agus mar sin de beidh gá le níos mó cánach & / nó níos mó iasachtaí. | **2 x 8**<br>**(4 + 4)** |

**(c)** Tháinig ardú €100 milliún ar dhleachtanna máil anuraidh, go dtí beagnach €1.7bn.

Arna chur in oiriúint ón Irish Examiner

**(i)** Is sampla de cháin indíreach iad dleachtanna máil. Mínigh an téarma cáin indíreach agus tabhair sampla **seachas dleachtanna máil**. **8**

Is éard is cáin indíreach atá ann ná cáin ar ídiú earraí agus seirbhísí / cáin ar an gcaiteachas. Sampla: Cáin Bhreisluacha / Cáin ar mhálaí plaisteacha / Mótarcháin.

**(ii)** Is sampla de ghníomhaíocht sa gheilleagar folaithe é smuigleáil toitíní isteach go hÉirinn. Mínigh an téarma **geilleagar folaithe**, agus tabhair sampla amháin eile de ghníomhaíocht den chineál sin.

Baineann an **geilleagar folaithe** le gníomhaíocht eacnamaíoch nach ndéantar taifead uirthi agus mar sin de ní chuirtear san áireamh í sna cuntais ioncaim náisiúnta. **8**

Baineann sé le hioncaim ó fhoinsí neamhdhleathacha / ioncaim neamhdhearbhaithe a thagann ó tháirgeadh earraí & seirbhísí ó idirbhearta airgeadaíochta nó babhtála.

Gníomhaíochtaí atá taobh amuigh de na córais cánach / rialála.

Sampla: a bheith ag íoc as deisiú le hairgead tirim (nach ndearbhaítear chun críocha cánach).

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a dtéann sé i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de, gníomhaíocht a bheith ar siúl sa gheilleagar folaithe. **8**

- **Ioncam caillte ag an rialtas**: ní fhaightear aon ioncam cánach ó na gníomhaíochtaí seo, rud a chuireann brú ar an rialtas chun modhanna malartacha a aimsiú maidir le gearradh cánach.
- **Tionchar ar ghnóthais dhlisteanacha**: má tá an ghníomhaíocht níos brabúsaí sa gheilleagar folaithe, féadfaidh gnólachtaí dlisteanacha díolacháin nó brabúis a chailleadh agus a bheith i mbaol ó thaobh an leanúnachais de.
- **Méadú ar an gcoiriúlacht**: mar atá le feiceáil le díol drugaí neamhdhleathacha.
- **Tionchair ar chaiteachas an rialtais**: féadfaidh sé go mbeidh ar an rialtas caiteachas a mhéadú ar fhorfheidhmiú feabhsaithe, agus tá deischostas ag baint leis sin de níos lú seirbhísí stáit.
- **Bagairt ar phoist**: má ghlacann níos mó daoine páirt sa gheilleagar folaithe, féadfaidh sé a bheith ina chúis le poist caillte i ngnólachtaí a leanann na riachacha/rialacháin ar fad.
- **Tionchar ar fíor-ráta OIN**: Ní thuairisceofar an OIN ina iomlán toisc nach gcuirfear an t-airgead arna thuilleamh sa gheilleagar folaithe seo san áireamh.

# Dréacht - Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d’fhad míchuibhiúil.**

**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá** | Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas.<br><br>Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach.<br><br>Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.<br>Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc.<br><br>Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI.<br><br>Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d’fhreagra.<br><br>Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br><br>Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br><br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.<br><br>Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Fianaise ar shonraí: 5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **An-mhaith<br>8-10** | **Maith<br>6-7** | **Réasúnta<br>4-5** | **Lag<br>0-3** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin. | Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Léirmhíniú & Luacháil** | Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear.<br>Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde.<br>I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. | Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais.<br>Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.<br>Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna. | Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta. | Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha. | An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil. | Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí** | Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán. | Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta. | Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir.<br>Beagán fianaise. | Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir. |
| **marc iomlán an Phróiseas Taighde** | **31-40** | **21-30** | **11-20** | **0-10** |

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luacháil bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric.<br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach.<br>Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí.<br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luacháil an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric.<br>Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach.<br>Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **16-20** | **12-15** | **8-11** | **0-7** |
| **Machnamh** | Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil. Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim. Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP.<br>Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br>Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor. Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP.<br>Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **12-15** | **9-11** | **6-8** | **0-5** |